2026/2314

21.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2314 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Deireadh Fómhair 2026

lena n-aisghairtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 470/2014 ([2]) ('an rialachán frithdhumpála bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('Daon-Phoblacht na Síne' nó 'an tSín').

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1394 ([3]), tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([4]), leasaigh an Coimisiún leibhéal na dleachta frithdhumpála arna forchur leis an rialachán frithdhumpála bunaidh.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ([5]) ('an t-athbhreithniú éaga roimhe seo'), chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile leis an dleacht frithdhumpála chinntitheach ('na bearta atá i bhfeidhm'), tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Is idir 17,5 % agus 75,4 % atá sna dleachtanna frithdhumpála aonair. Tá gach cuideachta eile faoi réir dleacht frithdhumpála 67,1 % ar fud na tíre ('na bearta atá i bhfeidhm').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 470/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/470/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1394 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2015 lena leasaítear Rialachán (AE) 470/2014, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/588, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) 1225/2009 ón gComhairle (IO L 215, 14.8.2015, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1394/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1225/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1080/oj).

(4) In imeachtaí ar leith, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh idir 3,2 % agus 17,1 % i mí na Bealtaine 2014 ([6]). Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ([7]) ('an t-athbhreithniú éaga roimhe seo'), chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile leis an dleacht frithchúitimh chinntitheach, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(5) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([9]) fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(6) Is é Grúpa Interfloat Group, i.e., Interfloat Corporation agus GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH 'na hiarratasóirí') a chuir an iarraidh isteach an 18 Aibreán 2025 thar ceann thionscal gloine gréine an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(7) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 22 Iúil 2025 maidir le hallmhairí gloine gréine isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('Daon-Phoblacht na Síne', 'an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([10]) ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) Leis an imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an ndéanfar an athuair í, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(9) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na hiarratasóirí, táirgeoirí aitheanta an Aontais, úsáideoirí an táirge faoi athbhreithniú san Aontas, táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí, trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 471/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 142, 14.5.2014, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/471/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1081/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj).

([9]) Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe (IO C/2024/6327, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6327/oj).

([10]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2025/4011, 22.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4011/oj).

(11) D'iarr páirtí amháin éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin. Tionóladh éisteacht idir an Coimisiún agus Solar Heat Europe, comhlachas a dhéanann ionadaíocht ar roinnt úsáideoirí atá gníomhach i dteicneolaíocht grianteasa, an 11 Bealtaine 2026. Bhain an éisteacht le himscrúduithe an athbhreithnithe, ar chláraigh siad mar pháirtí leasmhar ina dhiaidh sin agus d'ardaigh siad argóintí a mhionsonraítear a thuilleadh i roinn 7.2.

1.6. **Sampláil**

(12) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(13) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige, cé nach raibh gá le sampláil ar tháirgeoirí de chuid an Aontais sa chás seo, i bhfianaise an lín bhig táirgeoirí san Aontas Eorpach a tháinig chun cinn. Is éard a bhí sa sampla sin an dá tháirgeoir de chuid an Aontais atá liostaithe san iarraidh ar athbhreithniú. Bhí thart ar 70 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin an Aontais ag an dá tháirgeoir an tráth sin, ar táirgeacht agus díolacháin iad atá ionadaíoch ar thionscal de chuid an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Níor tugadh aon bharúil. Tá an dá chuideachta seo a leanas sa sampla:

— AGC Glass Europe ('AGC');

— GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH ('GMB') agus Interfloat Corporation ('Interfloat Group').

Allmhaireoirí a shampláil

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(15) Tháinig dhá allmhaireoir chun tosaigh ar dtús, UAB Soli Tek Cells ('Soli Tek') agus Sunerg Solar Energy ('Sunerg'), agus seoladh ceistneoir an allmhaireora neamhchomhlachaithe chucu. Tar éis an freagra ar an gceistneoir a fháil ó Soli Tek, thángthas ar an gconclúid gur úsáideoir seachas allmhaireoir í an chuideachta sin. Dá réir sin, d'iarr an Coimisiún orthu ceistneoir na n-úsáideoirí a líonadh isteach. Níor thug Sunerg freagra ar an gceistneoir.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil

(16) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ó GOC.

(17) Níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

(18) Dá dhroim sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne trí bhíthin Nóta Bhriathartha an 5 Samhain 2025 go raibh sé beartaithe aige fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán a úsáid le linn dó a bheith ag imscrúdú leanúint nó atarlú na dumpála. Níor fhreagair údaráis na Síne an Nóta Briathartha.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(19) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir.

(20) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí, ar tháirgeoir eile an Aontais, agus ar na húsáideoirí na ceistneoirí a cuireadh ar fáil ar a shuíomh gréasáin ([11]) lá an tionscnaimh a líonadh isteach. Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí (GMB/Interfloat, agus AGC) agus ó úsáideoirí (Soli Tek, SOLVIS agus Bisol). Seoladh litreacha easnaimh chuig GMB agus chuig Interfloat, AGC, agus SOLVIS.

(21) Níor chuir na hiarratasóirí an macraicheistneoir isteach d'ainneoin iarrataí iomadúla ó ranna an Choimisiúin. Chuir Bisol freagra an-easnamhach ar an gceistneoir isteach agus níor thug sé freagra ar fhiosrúcháin an Choimisiúin.

1.8. **Fíorú**

(22) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den díobháil agus nó go dtarlóidh sí arís agus maidir le leas an Aontais. De bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán, tugadh cuairteanna fíorúcháin ar na cuideachtaí seo a leanas:

Cuideachta díolacháin a bhaineann leis an Aontas:

— Interfloat Coporation, Rugell, Lichtinstéin;

Úsáideoirí:

— Soli Tek Cells, trí fhíschomhdháil;

— SOLVIS, trí fhíschomhdháil.

(23) Níorbh fhéidir na cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh mar gheall ar staid thionscal an Aontais. Chuir an dá tháirgeoir stop leis an táirgeadh ag tús 2025. Rinne an gearánach, GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH, iarratas ar dhócmhainneacht i mí na Samhna 2025, agus chuir sé na cuairteanna fíorúcháin sceidealaithe ar ceal faoi dhó ar ghearrfhógra. Ní raibh an táirgeoir eile, AGC, in ann foireann cáis an Choimisiúin a fháil mar gheall ar an stopadh táirgeachta. Ar an mbonn sin agus in éagmais comhlachas tiomnaithe ([12]), níor cuireadh sciar substaintiúil faisnéise isteach agus ní fhéadfadh an Coimisiún é a fhíorú.

(24) Rinne ranna an Choimisiúin cros-seiceáil chianda ar an bhfaisnéis a sholáthair na húsáideoirí thuasluaite.

1.9. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(25) An 28 Lúnasa 2026, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a aisghairm. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(26) Tar éis an nochta, ní bhfuarthas aon bharúil agus níor iarr aon pháirtí éisteacht.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(27) Is é atá sa táirge faoi athbhreithniú gloine gréine arb é atá inti gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, ina bhfuil cion iarainn is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300–2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250 °C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus neart meicniúil 90 N/mm² nó níos mó aige (a thomhaistear de réir EN 1288-3), atá faoi láthair faoi chód AC ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) ('an táirge faoi athbhreithniú'). Cuimsítear leis an ngloine gréine atá faoi réir dleacht frithdhumpála an ghloine uile a chomhlíonann na saintréithe teicniúla agus fisiceacha a luaitear thuas, cé acu a bhaintear úsáid aisti le haghaidh modúil fótavoltacha, tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh, troscáin, tithe gloine a thógáil, nó le haghaidh úsáidí eile.

([11]) Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2806.

([12]) Tá deireadh tagtha le EU Pro Sun Glass, comhlachas trádála gloine gréine an Aontais, ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe seo.

(28) Féadfaidh gloine gréine a bheith patrúnaithe nó neamhphatrúnaithe, le dromchla trédhearcach nó idirleata nó le himealloibreacha éagsúla. Is féidir patrúin éagsúla a bheith ann ar an dá thaobh den ghloine, nó is féidir patrún aontaobhach a bheith air. D'fhéadfadh druileálacha a bheith ag gloine gréine, agus is féidir í a phriontáil freisin trí dhathanna ceirmeacha a chur uirthi, mar shampla. Féadfar dromchla na gloine a chóireáil trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla. Is é bratú in aghaidh frithchaitheamh an ceann is coitianta a chuirtear roimh an bpróiseas faghartha nó ina dhiaidh. Le teicneolaíochtaí eile, is féidir an ghloine gréine a bhratú le sraitheanna tanaí feidhmiúla lena soláthraítear airíonna méadaithe tarchurais, féinghlantacha, frithshalacha nó cruais.

(29) Tá gloine gréine ar cheann de na comhpháirteanna chun modúil fhótavoltacha sileacain chriostalta agus modúil fhótavoltacha scannáin thanaí a dhéanamh chun leictreachas a tháirgeadh ('modúil fhótavoltacha'), chomh maith le tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh a úsáidtear, mar shampla, chun uisce te a ghiniúint ('modúil fhótaiteirmeacha'). Úsáidtear é freisin chun tithe gloine a thógáil (dá ngairtear 'gloine ghairneoireachta' nó 'gloine tí gloine' uirthi).

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(30) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne atá faoi láthair faoi chód AC ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(31) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh agus san imscrúdú athbhreithnithe éaga roimhe seo, tá na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna agus na húsáidí deiridh céanna ag gloine gréine a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas agus ag gloine gréine a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne agus ag gloine gréine a allmhairítear isteach san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL NÓ GO nDÉANFAR AN ATHUAIR Í**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(32) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí gloine gréine ó Dhaon-Phoblacht na Síne. De réir shonraí Eurostat, bhí thart ar 3 % de mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe in allmhairí gloine gréine ó Dhaon-Phoblacht na Síne i gcomparáid le sciar 30,5 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh agus 9 % le linn an athbhreithnithe éaga roimhe seo.

(33) Mar a luaitear in aithris (17), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca leis an tSín. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(34) An 5 Samhain 2025, chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas, in éagmais aon chomhair ó onnmhaireoirí/táirgeoirí sa tSín, go raibh sé beartaithe aige a thorthaí a bhunú ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh toradh atá bunaithe ar na fíorais atá ar fáil chomh fabhrach céanna don pháirtí lena mbaineann agus d'iarr sé orthu a mbarúil a thabhairt. Níor sholáthair Rialtas na Síne aon bharúil.

(35) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe na fíorais san iarraidh ar athbhreithniú agus ar an bhfaisnéis a chuir Eurostat ar fáil. Ina theannta sin, d'úsáid an Coimisiún foinsí eile faisnéise a bhí ar fáil go poiblí amhail Atlas Trádála Domhanda ([13]) ('GTA'), Institiúid Staidrimh na Tuirce ([14]) ('TurkStat'), GlobalPetrolPrices ([15]), Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh Phoblacht na Tuirce ([16]) agus Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce ([17]).

([13]) Atlas Trádála Domhanda – GTA (https://www.gtis.com/gta/secure/htscty_wta.cfm).
([14]) http://www.turkstat.gov.tr/Start.do.
([15]) https://web.archive.org/web/20260312130325/https:/www.globalpetrolprices.com/Turkey/natural_gas_prices/.
([16]) https://www.epdk.gov.tr/Home/En.
([17]) https://www.invest.gov.tr/en/pages/home-page.aspx.

3.1.1. *Dumpáil*

An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh, faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, le haghaidh allmhairí gloine gréine de thionscnamh Phoblacht na Síne

(36) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil tráth an tionscnaimh, ar fianaise í a léirigh, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, shuigh an Coimisiún an gnáthluach ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(37) D'fhonn an fhaisnéis is gá dá mheasúnuithe ar an saobhadh suntasach líomhnaithe a fháil, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a shuí an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(38) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh an Tuirc a bheith ina tríú tír ionadaíoch do Dhaon-Phoblacht na Síne sa chás seo, de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(39) An 30 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta maidir leis na tosca táirgeachta ('an nóta maidir le tosca táirgeachta') faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Tuirc an tír ionadaíoch. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh gloine gréine. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díola, costais ghinearálta agus costais riaracháin agus na brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don chuideachta Türkiye Şişe ve Cam Fabrikaları A.Ş., táirgeoir sa tír ionadaíoch. Ní bhfuarthas aon bharúil.

An Gnáthluach

(40) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(41) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear […] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(42) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo gurb iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil lena léirítear gurbh ann do shaobhadh suntasach sa tír is onnmhaireoir agus i bhfianaise na heaspa comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin.

Saobhadh suntasach a bheith ann

(43) Déantar 'saobhadh suntasach' a shainiú in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán 'Is éard atá i saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach ón rialtas orthu. Agus measúnú á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir,

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostas,

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir,

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor,

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá,

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát'.

(44) De réir Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, sa mheasúnú ar shaobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) cuirfear san áireamh, i measc nithe eile, liosta neamh-uileghabhálach gnéithe a liostaítear ann. De bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, agus measúnú á dhéanamh ar shaobhadh suntasach a bheith ann, tabharfar aird ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo ar phraghsanna agus ar chostais sa tír is onnmhaireoir den táirge faoi athbhreithniú. Indeed, as that list is non-cumulative, not all the elements need to be established for a finding of significant distortions. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Thairis sin, sa mheasúnú foriomlán i leith an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(45) I ndáil leis sin, foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta'.

(46) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ([18]) (dá ngairtear 'an Tuarascáil maidir leis an tSín' anseo feasta), ina léirítear gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar roinnt leibhéal an gheilleagair, lena n-áirítear saobhadh sonrach ar roinnt príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha ar leith chomh maith (amhail cruach agus ceimiceáin). Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe ag tráth an tionscnaimh, a raibh an Tuarascáil ina dlúthchuid de, a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(47) Soláthraíodh fianaise bhreise san iarraidh ar athbhreithniú a chuir na hiarratasóirí isteach ar shaobhadh suntasach in earnáil na gloine gréine de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), a chomhlánaíonn an Tuarascáil. Baineann an fhianaise sin le saobhadh éagsúil agus is féidir teacht uirthi sa roinn thíos in aithrisí (49) go (76).

([18]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga.

(48) Mar a tugadh le fios in aithris (19), níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair na hiarratasóirí, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(49) Ar an gcéad dul síos, áiríodh san fhianaise a bhí san iarraidh faisnéis lena líomhnaítear go bhfuil margadh na Síne faoi rialú saobhadh sistéamach a bhfuil feidhm acu maidir le hearnáil na gloine gréine agus leis an ngeilleagar ina iomláine. Dá bhrí sin, suíodh san iarraidh nach féidir praghsanna díola intíre gloine gréine, chomh maith leis na costais ionchuir uile (amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) a úsáid mar gheall ar shaobhadh a eascraíonn as idirghabháil shubstaintiúil rialtais. Déanann Rialtas na Síne idirghabháil ar gach leibhéal den slabhra soláthair gloine gréine, rud a chruthaíonn staid ina ndéanann saobhadh ón rialtas difear ar bhealach amháin nó ar bhealach eile do na hionchuir uile lena mbaineann. Go háirithe, luadh san iarraidh na heilimintí seo a leanas a léiríonn gur ann do shaobhadh suntasach ([19]):

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir; maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.

Margadh na gloine gréine a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir

(50) In éagmais comhoibriú ón tSín, bhí ar an gCoimisiún brath ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil maidir le struchtúr úinéireachta na gcuideachtaí atá gníomhach in earnáil na gloine gréine i nDaon-Phoblacht na Síne.

(51) San athbhreithniú éaga roimhe seo, shuigh an Coimisiún gur fhreastail fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na Síne go mór ar earnáil na gloine gréine i nDaon-Phoblacht na Síne. Shainaithin an Coimisiún roinnt mórtháirgeoirí mar fhiontair faoi úinéireacht Stáit, lena n-áirítear Dongguan CSG Solar Glass faoi CSG Holding, Luoyang Glass agus CNBM, agus thug sé dá aire an tráth céanna go raibh grúpaí príobháideacha fiú ar cosúil go raibh siad faoi réir creat níos leithne de thionchar an Stáit agus rialú an Pháirtí, mar shampla Xinyi Solar Holdings agus Flat Glass Group ([20]). Deimhníodh san iarraidh ar athbhreithniú go bhfuil roinnt de mhórtháirgeoirí na Síne fós faoi úinéireacht an Stáit nó faoi thionchar an Stáit agus go n-oibríonn an dá tháirgeoir is mó i gcóras ina bhfuil struchtúir an Pháirtí agus maoirseacht bheartais an Stáit fós leabaithe sa rialachas corparáideach.

(52) Áirithíonn na struchtúir atá ag Rialtas na Síne agus ag Páirtí Cumannach na Síne go leanfar den tionchar atá acu ar fhiontair, go háirithe fiontair atá faoi úinéireacht Stáit. Ní hamháin go bhfuil ról gníomhach ag an Stát (agus ag PCS i mórán gnéithe) i bhfoirmliú agus maoirsiú chur chun feidhme na mbeartas eacnamaíoch ginearálta ag cuideachtaí ar leith atá faoi úinéireacht stáit, ach ina theannta sin, éilíonn sé a chearta chun bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochtúil gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Déantar é sin de ghnáth trí chaidrí a aistriú idir údaráis rialtais agus fiontair faoi úinéireacht Stáit, trí chomhaltaí den pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin na bhfiontar faoi úinéireacht Stáit agus trí chealla den pháirtí a bheith rannpháirteach i gcuideachtaí, agus trí struchtúr corparáideach earnáil na bhfiontar faoi úinéireacht Stáit a mhúnlú. Mar chúiteamh air sin, tá stádas ar leith laistigh de gheilleagar na Síne ag cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, agus roinnt buntáistí eacnamaíocha ag gabháil leis, go háirithe cosaint ar iomaíochas agus rochtain tosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú.

([19]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, lch. 15.
([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080, aithris (55) agus (56).

(53) Maidir le maoirseacht bheartais agus treoir ón Stát in earnáil na gloine gréine, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí gloine gréine atá faoi úinéireacht phríobháideach oibriú faoi dhálaí an tsaormhargaidh. Leis an ardleibhéal idirghabhála rialtais i dtionscal na gloine gréine agus le sciar tábhachtach de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil, cuirtear cosc ar tháirgeoirí oibriú faoi dhálaí an mhargaidh, fiú táirgeoirí atá faoi úinéireacht phríobháideach.

An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí, rud a fhágann gur féidir leis an stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais

(54) Déanann coiste Páirtí Cumannach na Síne faireachán ar chomhlíonadh bheartais rialtais na cuideachta, ar chur chun feidhme threoirlínte Páirtí Cumannach na Síne, ar ainmniú lucht bainistíochta nó chomhaltaí an bhoird, agus tá sé rannpháirteach i bpríomhchinntí na cuideachta ([21]). Tá na cumhachtaí is gá ag na coimisiúin áitiúla éagsúla chun maoirseacht agus riarachán a dhéanamh ar shócmhainní faoi úinéireacht an Stáit ('SASAC') chun rialú éifeachtach a áirithiú ar chomhdhéanamh chomhlachtaí reachtúla na bhfiontar agus na stiúrthóirí sinsearacha i bhfiontair faoi úinéireacht stáit idir fiontair faoi úinéireacht stáit agus feidhmeanna rialtais. Sa chleachtas, glacann an bhainistíocht le treoraíocht Rialtas na Síne, agus faigheann an chuideachta cóir fhabhrach i ndeiseanna gnó agus i mbuntáistí airgeadais mar mhalairt air sin. Cuireann an Stát isteach freisin ar chuideachtaí príobháideacha ar mhodhanna níos indírí, amhail an beartas maidir le cumaisc agus éadálacha chun cuideachtaí curaidh a dhéanamh díobh, infheistíocht a stiúradh trí rialú na n-institiúidí baincéireachta agus láithreacht fhorleatach sna margaí airgeadais. Cuireann na luamháin tionchair sin é ar a chumas do Rialtas na Síne tús áite a thabhairt do chuideachtaí thar chuideachtaí eile trí, mar shampla, rochtain fhabhrach ar mhaoiniú a dheonú do na cuideachtaí sin atá ailínithe le beartas tionsclaíoch an Stáit.

(55) Tá láithreacht saofa ag Rialtas na Síne freisin i gcuideachtaí réamhtheachtacha a oibríonn ar leibhéal na n-amhábhar a úsáidtear mar ionchuir le haghaidh gloine gréine, agus i soláthar fuinnimh freisin.

(56) Mar shampla, tugann Sinopec Group, atá faoi rialú iomlán rialtas láir na Síne trí SASAC, tuairisc air féin mar 'bhunáit táirgthe náisiúnta' ceimiceán neamhorgánach, orgánach agus mín. Dhearbhaigh sé a sheasamh mar ionstraim de bheartas eacnamaíoch na Síne agus chuir sé i dtábhacht go gcloíonn sé le prionsabail an pháirtí i gcásanna iomadúla. Mar a deimhníodh in imscrúdú de chuid an Choimisiúin: 'In 2018, chloígh an chuideachta le treoraíocht idé-eolaíocht shóisialach ré nua Xi Jinping le saintréithe Síneacha agus spiorad an 19ú Comhdháil Náisiúnta de chuid an Pháirtí, chuir sí chun feidhme go hiomlán na ceanglais ghinearálta maidir le tógáil páirtithe sa ré nua, dhírigh sí go dlúth ar chur in úsáid straitéiseach fiontar den chéad scoth a thógáil, agus faoi stiúir na tógála polaitiúla, neartaigh sí go láidir fothú acmhainneachta choistí páirtí na bhfiontar atá faoi úinéireacht dhíreach chun an staid fhoriomlán a bhainistiú, chuir sí tionscadal feabhsaithe eagraíochtúil eagraíocht pháirtí an phobail chun feidhme go bríomhar, chuir sí feabhas bríomhar ar bheogacht oifigeach foirne agus fiontraíochta, chomhordaigh sí agus neartaigh sí obair tógála uile an pháirtí, agus chuir sí feabhas leanúnach ar cháilíocht thógáil an pháirtí chun ráthaíocht láidir a sholáthar chun Sinopec a thógáil ina fhiontar den chéad scoth a bhfuil iomaíochas domhanda aige. Le haontacht, oideachas agus treoraíocht bhaill an pháirtí agus caidrí, leantar den chomhfhios a neartú maidir le 'dhá choimirce' a bhaint amach go diongbháilte agus dílseacht don pháirtí a chleachtadh le gníomhaíochtaí praiticiúla' ([22]).

(57) Saintréith de mhargadh leictreachais na Síne is ea rannpháirtíocht láidir na bhfiontar faoi úinéireacht stáit i ngach céim den slabhra soláthair ([23]). Tá thart ar 50 % den acmhainneacht giniúna faoi úinéireacht stáit, ach tá an eangach tarchuir ina hiomláine faoi úinéireacht dhá chuideachta faoi úinéireacht stáit. Feictear láithreacht an stáit ar fud earnáil an fhuinnimh agus as breis is céad cuideachta lárnach faoi úinéireacht agus á maoirsiú ag SASAC faoi láthair, is san earnáil fuinnimh atá 21 díobh. Tá sé sin sa bhreis ar chleachtas roinnt cúigí sa tSín a thairgeann praghsanna fabhracha fuinnimh chun infheistíocht a mhealladh isteach sna criosanna eacnamaíocha agus sna páirceanna tionsclaíocha ([24]).

(58) Déanann roinnt gnéithe de bheartais rialtas na Síne praghsanna leictreachais a shaobhadh freisin. Ar an gcéad dul síos, ní hé Coimisiún Rialála Leictreachais an Stáit (SERC), rialtóir leictreachais neamhspleách na Síne, a shocraíonn praghsanna leictreachais. Ina ionad sin, is é an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (NDRC), an t-údarás rialtais a bhfuil údarás aige freisin ar bheartais thionsclaíocha, a shocraíonn praghsanna. Ar an dara dul síos, cé go bhfuil leictreachas ar cheann de na príomhionchuir i monarú gloine gréine, níl praghsanna leictreachais

([21]) *Ibid.*, Roinn 3.2.2.4.

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L315 29.9. 2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj).

([23]) An Tuarascáil maidir leis an tSín, Roinn 10.1.1.

([24]) An Tuarascáil maidir leis an tSín, Roinn 10.2.1,2.

margadhbhunaithe sa tSín agus bíonn tionchar ag saobhadh suntasach orthu freisin (trí shocrú lárnach praghsanna, trí dhifreáil praghsanna agus trí chleachtais ceannaigh dhírigh an leictreachais). Tá táirgeadh gáis nádúrtha sa tSín á rialú agus á rialú ag stát na Síne freisin, rud a fhágann go bhfuil saobhadh ann trí roinnt sásraí, ós rud é go bhfuil na praghsanna ar ghás nádúrtha intíre á rialú ag NDRC, a fhoilsíonn na praghsanna is infheidhme maidir le gach cúige i bhFógraí, agus ansin foilsíonn na biúrónna praghsanna áitiúla fógra comhfhreagrach ar an leibhéal áitiúil lena gcuirtear chun feidhme na praghsanna arna gcinneadh ag NDRC lárnach ([25]).

(59) Mar achoimre, níl praghsanna fuinnimh sa tSín margadhbhunaithe fós agus tá praghsanna fós á rialú den chuid is mó ag an Stát. Is é tionchar an tsaofa sin ligean do tháirgeoirí gloine gréine na Síne tairbhe a bhaint as taraifí fuinnimh laghdaithe agus a gcostais táirgthe a laghdú don táirge lena mbaineann nuair a dhíoltar ar an margadh áitiúil é.

Beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre

(60) Go foriomlán, de bharr an chórais pleanála atá ann sa tSín, bíonn acmhainní á ndíriú chuig earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas na hacmhainní sin a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh.

(61) Aithnítear roinnt táirgeoirí gloine gréine de chuid na Síne ([26]) mar fhiontair ardteicneolaíochta náisiúnta agus/nó mar lárionaid teicneolaíochta fiontraíochta ar an leibhéal náisiúnta nó ag leibhéal na gcúigí áitiúla. An chuideachta a bhfuil stádas HNTE (Fiontar Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta) aici, tá sí i dteideal ráta cánach corparáide 15 % (i gcomparáid leis an ngnáthráta 25 %) gan beann ar chineál infheistíochta na cuideachta. Is iondúil go ndeonaíonn údaráis chánach chúigeacha stádas HNTE le haghaidh saoráidí agus gléasraí cuideachta atá suite laistigh de na cúigí sin.

(62) Eascraíonn saobhadh eile as na tairbhí a thugtar faoi chláir rialtais láir agus áitiúil le haghaidh páirceanna tionsclaíocha nó ceimiceán dá ngairtear Limistéir Forbartha Tionscail Ardteicneolaíochta níos coitianta.

Maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(63) Is cosúil go bhfuil córas féimheachta na Síne neamhleor chun a phríomhchuspóirí féin a bhaint amach amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a chosaint ([27]). Tá sé sin fréamhaithe ar an bhfíoras go bhfuil tearc-fhorfheidhmiú córasach ina shaintréith de chóras féimheachta na Síne. Léiríonn líon na gcásanna féimheachta, atá an-íseal do gheilleagar de mhéid na Síne, saincheisteanna tromchúiseacha maidir le dlíthe féimheachta a fhorfheidhmiú, a eascraíonn as lochtanna sna dlíthe sin, agus as a gcur chun feidhme neamhleor. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí.

(64) Maidir le dlíthe maoine, tá lorg fhorlámhas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach le feiceáil ar fud an chórais dlí fhoriomláin agus cuirtear é i dtábhacht mar phrionsabal ginearálta i ngach reachtaíocht lárnach. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí.

(65) Cosúil le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí gloine gréine na Síne faoi réir na ngnáthrialacha maidir le dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ó bharr anuas a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart, rud a chruthaíonn saobhadh dá réir sin nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne. Is cosúil go bhfuil na breithnithe sin, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na gloine gréine.

([25]) 13ú Plean Cúig Bliana le haghaidh Forbairt Gáis Nádúrtha, le fáil ag: https://policy.asiapacificenergy.org/node/3044.

([26]) Flat (Solar) Glass Group Co., Ltd., Xinyi Photovoltaic Industry (Anhui) Holdings Co., Ltd., Anhui Flat Solar Glass Co., Ltd., Hefei IRICO New Energy Co., Ltd agus Jinjin Group.

([27]) An Tuarascáil maidir leis an tSín, Roinn 6.7.2.

Saobhadh pá

(66) Déanann an saobhadh ar chostais phá difear d'earnáil gloine gréine na Síne freisin ([28]). Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (nuair atá rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir i gceist ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna).

(67) Níor dhaingnigh an tSín roinnt mhaith de choinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS'), go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil. Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach.

(68) Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin. Fágann na torthaí sin go ndéantar costais phá a shaobhadh sa tSín.

Rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.

(69) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(70) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne, agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le cuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit) agus arís ach an oiread le cuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag an rialtas chun feidhme go tráthrialta. Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann bainc oibleagáid dhlíthiúil fhollasach chun a ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta eacnamaíche agus sóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit. Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([29]).

(71) Is é an toradh atá air sin rochtain phribhléideach ar mhaoiniú d'earnálacha agus d'fhiontair fhabhracha, lena n-áirítear iad siúd atá gníomhach i dtionscail a bhaineann leis an ngrian. Déanann an saobhadh sin, mar aon leis an ról forleathan atá ag an mbeartas poiblí i leithdháileadh creidmheasa, difear don rochtain ar chaipiteal in earnáil na gloine gréine.

(72) Ar an dara dul síos, san athbhreithniú éaga roimhe seo, chinn an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán agus tháinig sé ar an gconclúid gur lean rialtas na Síne de thacaíocht a thabhairt d'earnáil na gloine gréine, go raibh gloine gréine mar chuid de thionscal spreagtha, agus nach bhféadfaí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid chun gnáthluach a shuí ([30]).

Conclúid

(73) Áitíodh san iarraidh ar athbhreithniú nár tharla aon athrú struchtúrach i nDaon-Phoblacht na Síne ná in earnáil na gloine gréine a chaithfeadh amhras ar na torthaí a meabhraíodh sna ranna roimhe seo. Os a choinne sin, tá na gnéithe saobhacha céanna fós i bhfeidhm agus leanann tacaíocht bheartais ([31]), ró-acmhainneacht, tionchar Stáit agus saobhadh amhábhar, fuinnimh, saothair, creat dlíthiúil agus airgeadais na Síne de bheith ina saintréith den earnáil.

(74) Tharis sin, léiríodh san iarraidh ar athbhreithniú gur leanadh de shaobhadh suntasach in earnáil na gloine gréine le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(75) Ar deireadh, níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú seo aon fhianaise ná argóint ina aghaidh sin.

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080, Roinn 3.2.2.7.
([29]) An Tuarascáil maidir leis an tSín, Caibidil 6.
([30]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080, aithris (92).
([31]) Féach roinn 4.2 den Iarraidh.

(76) I bhfianaise an mhéid thuas, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

(77) Suíodh san imscrúdú leibhéal dumpála níos mó ná *de minimis*. Mar sin féin, ní raibh gá le measúnú níos mionsonraithe i bhfianaise na gconclúidí a leagtar amach sa roinn thíos.

5. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL NÓ GO nDÉANFAR AN ATHUAIR Í

5.1. Staid tháirgeacht an Aontais

(78) Suíodh san imscrúdú, ó bhí tús 2025 ann, nár táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú san Aontas. Ag céim na hiarrata, ní raibh ach GMB Glasmanufaktur Brandenburg agus AGC Glass Europe fós ag oibriú. Mar sin féin, scoir an dá tháirgeoir den táirgeadh sa chéad ráithe de 2025, agus deimhníodh le forbairtí tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go raibh an táirgeacht fós ar fionraí.

(79) Thug táirgeoirí de chuid an Aontais le fios go bhféadfaí an táirgeadh a atosú dá leanfaí leis na bearta a luaithe a thiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh. Le linn an imscrúdaithe, áfach, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann bunús a thabhairt leis an ionchas sin. Níor sholáthair siad aon ghné lena léirítear go dtiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh, ná aon chomhaontú ceangailteach, maoiniú urraithe ná plean oibríochtúil lena léirítear go bhféadfaí atosú a dhéanamh agus cathain a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, níor tugadh aon doiciméad don Choimisiún lenar tugadh údar le tús a chur an athuair leis an táirgeadh nó le táthcheangal na gníomhaíochta ábhartha, d'ainneoin gur thug sé deis go sainráite do tháirgeoirí an Aontais fianaise den sórt sin a chur isteach.

(80) I bhfianaise easpa aon fhaisnéis infhíoraithe, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a shuí gur dhócha go dtosófaí arís ar tháirgeacht an Aontais laistigh de thréimhse a mbeadh coinne réasúnta léi.

(81) Go bhfios don Choimisiún, ba iad GMB agus AGC an t-aon dá tháirgeoir gloine gréine de chuid an Aontais a bhí fágtha ag tús thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn an imscrúdaithe, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húsáideoirí agus le comhlachais chun a fhíorú an raibh aon táirgeoir eile an táirge faoi athbhreithniú gníomhach san Aontas. Chuathas i dteagmháil le táirgeoirí féideartha eile; níor sholáthair siad aon léiriú, áfach, ar aon táirgeadh ná ar aon ghníomhaíocht i leith an táirge faoi athbhreithniú. Níor tháinig aon táirgeoir eile chun cinn le linn an imscrúdaithe.

(82) Mhaígh an dá úsáideoir fhíoraithe, UAB Soli Tek cells agus SOLVIS d.o.o., gur cheart, i bhfianaise a bhfuil thuas, an t-imscrúdú a fhoirceannadh láithreach ar an bhforas gur scoir tionscal an Aontais den táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(83) Go deimhin, chuaigh GMB i mbun imeachtaí dócmhainneachta i mí Iúil 2025 agus, ina dhiaidh sin, líomhnaíodh go ndeachaigh sé i mbun caibidlíochta le hinfheisteoir nua chun a ghníomhaíochtaí a ghlacadh ar láimh.

(84) Maidir leis an iarraidh ó na húsáideoirí deireadh a chur leis an imscrúdú, thug an Coimisiún dá aire go mbeadh sé róluath an tráth sin, i bhfianaise na n-imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, teacht ar an gconclúid gur scoir an tionscal de bheith ann ar bhonn buan. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún deireadh leis an imeacht toisc nach raibh tionscal de chuid an Aontais ann. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún leanúint den imscrúdú agus measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise uile a bhí ar fáil.

(85) Faoin am a tugadh an t-imscrúdú i gcrích, áfach, ní raibh tús curtha arís leis an táirgeadh san Aontas, agus níor chuir na hiarratasóirí aon fhianaise infhíoraithe ar fáil maidir le táthcheangal féideartha.

(86) Go deimhin, faoi dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní raibh tionscal gloine gréine an Aontais tar éis a ghníomhaíochtaí a atosú ná a mhonarchana a athoscailt chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(87) Sna himthosca sin, níl aon tionscal de chuid an Aontais ann de réir bhrí Airteagal 4 den bhun-Rialachán a bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar a staid chun an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís a chinneadh, ná aon táirgeadh a bhféadfadh na bearta atá ann cheana leanúint de chosaint a thabhairt ina leith.

(88) Ar bhonn a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún gur scoir tionscal an Aontais dá ghníomhaíochtaí táirgthe a bhaineann leis an táirge faoi athbhreithniú agus nach ann d'aon ionchas infhíoraithe go n-atosófar é laistigh de thréimhse réasúnta intuartha. Sa chás seo, in éagmais aon táirgeacht de chuid an Aontais ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, in éagmais tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 4 den bhun-Rialachán, agus toisc nach féidir scrúdú a dhéanamh ar staid thionscal an Aontais agus toisc nár cuireadh aon ionchas infhíoraithe ar fáil go n-atosófar a tháirgeacht, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dócha go leanfar den díobháil ná go dtarlóidh sí arís.

6. CÚISÍOCHT

(89) Suíodh san imscrúdú nach dócha go leanfar den díobháil ná go dtarlóidh sí arís, agus dá bhrí sin ní raibh gá le hanailís ar chúisíocht i bhfianaise na gconclúidí a leagtar amach sa roinn thuas.

7. LEAS AN AONTAIS

(90) Cé gur leordhóthanach ann féin an cinneadh a leagtar amach in aithris (88) chun teacht ar an gconclúid nár cheart na bearta a choinneáil ar bun, rinne an Coimisiún scrúdú freisin, ar mhaithe le hiomláine agus i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, lena fháil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(91) Mar a mhínítear i Roinn 5, suíodh leis an imscrúdú gur scoir tionscal an Aontais de ghloine gréine a tháirgeadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus dá bhrí sin, níl aon tionscal gníomhach de chuid an Aontais ann faoi láthair, *de facto*.

(92) D'áitigh tionscal an Aontais go n-athbhunódh fadú an bhirt an tionscal ar choinníoll go dtiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh. Mar a luaitear in aithris (79), diúltaíonn an Coimisiún don mhaíomh sin mar gheall ar an easpa fianaise tacaíochta.

(93) Mar a mhínítear i Roinn 1.8, níorbh fhéidir aon chuid den fhaisnéis a chuir táirgeoirí an Aontais isteach a fhíorú. I bhfianaise staid an iarratasóra, agus go háirithe i bhfianaise a éagumais arís agus arís eile an fhaisnéis a iarradh a chur isteach agus chun gur féidir an fhaisnéis a cuireadh isteach a fhíorú, mheas an Coimisiún nach raibh tionscal an Aontais in ann leas leanúnach iarbhír i gcoinneáil ar bun na mbeart a léiriú.

(94) Dá bhrí sin, sa staid reatha, in éagmais aon táirgeadh gníomhach den táirge faoi athbhreithniú ag tionscal an Aontais agus, gan aon ionchas infhíoraithe ann go n-atosófar an táirgeadh, ní fhéadfadh an Coimisiún aon leas a shainaithint do thionscal an Aontais maidir le síneadh a chur leis na bearta chun an tionscal a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le táirge nach dtáirgeann sé a thuilleadh.

7.2. Leas na n-úsáideoirí

(95) Is éard atá in úsáideoirí gloine gréine monaróirí modúl fótavoltach, an tionscal teirmeach gréine, agus go pointe áirithe, monaróirí tithe gloine.

(96) Chuir na húsáideoirí uile in iúl go raibh siad i gcoinne leanúint leis na bearta. D'áitigh úsáideoirí, in éagmais táirgeadh gloine gréine san Aontas, go ngníomhaíonn na bearta *de facto* mar cháin.

(97) Rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar dhá úsáideoir, ar monaróirí grianphainéal iad araon. Le linn an fhíorúcháin, rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar an dá thoradh a d'fhéadfadh a bheith ar an imscrúdú.

(98) Ní athródh leanúint na mbeart staid na n-úsáideoirí. Bheadh gloine gréine de thionscnamh na Síne fós faoi réir dleachtanna frithdhumpála. In éagmais tháirgeacht an Aontais, áfach, níl de rogha ag úsáideoirí an Aontais ach a ngloine gréine a allmhairiú. Dá bhrí sin, dá gcoinneofaí na bearta ar bun, mhéadófaí na costais ar úsáideoirí iartheachtacha a fhaigheann a ngloine gréine ón tSín gan aon tairbhe a sholáthar do thionscal réamhtheachtach a scoir go héifeachtach de bheith ag oibriú.

(99) Ar an taobh eile, bheadh tionchar dearfach díreach ag foirceannadh na mbeart ar chostas táirgthe na n-úsáideoirí. Suíodh san imscrúdú gur sciar mór de struchtúr costais táirgeoirí painéal gréine atá i ngloine ghréine. Is ionann gloine gréine agus thart ar 12 % go 18 % de chostas táirgthe modúl caighdeánach. I bhfianaise an aga táirgthe agus an tseachadta ón tSín, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh 4 mhí ar a laghad ag teastáil ó thionscal na n-úsáideoirí sula dtairbheoidís d'fhoirceannadh na mbeart, i bhfoirm laghdú ar a gcostas táirgthe, rud a mbeadh brabúis níos airde nó gnóthachan iomaíochais san Aontas mar thoradh air ar deireadh.

(100) I margadh iartheachtach arb é is saintréith dó brú láidir praghsanna agus corrlaigh chúnga, meastar go gcuirfidh laghdú beag fiú ar chostas táirgthe na n-úsáideoirí feabhas ar a gcumas dul in iomaíocht le modúil allmhairithe.

(101) Ar an mbonn sin, ní chun leas an Aontais é leanúint de na bearta, ach dá gcuirfí deireadh leo, chuirfí feabhas ar iomaíochas thionscal iartheachtach na ngrianmhodúl gan dochar a dhéanamh d'aon táirgeoir de chuid an Aontais ós rud é nach bhfuil aon cheann acu gníomhach sa mhargadh sin.

7.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(102) Ar bhonn an mhéid thuas, agus na leasanna lena mbaineann á meá ag an gCoimisiún, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon chúis láidir ann a bhaineann le leas an Aontais fad a chur leis na bearta.

(103) Os a choinne sin, leis an anailís ar leas an Aontais, a mhéid a bhaineann le leas na n-úsáideoirí go háirithe, cuirtear ar a gcumas do na bearta dul in éag. In éagmais tionscal gníomhach de chuid an Aontais, ní fhónann na bearta a thuilleadh don chuspóir ar forchuireadh iad ina leith.

8. **CONCLÚID**

(104) Leanann sé ó na breithnithe thuas gur cheart, faoi Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 470/2014 agus arna leathnú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080, a aisghairm. Mar a luaitear in aithris (102), tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil leas Aontais ann a thugann údar le leanúint de na bearta.

(105) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Aisghairtear leis seo an dleacht frithdhumpála ar allmhairí gloine gréine arb é atá iontu gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, ina bhfuil cion iarainn is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300–2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250 °C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus ag a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm² nó níos mó (a thomhaistear de réir EN 1288-3), atá faoi láthair faoi chód AC ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus foirceanntar an t-imeacht a bhaineann leis na hallmhairí sin.

2. Aon dleacht a bailíodh ó dháta tionscnaimh imscrúdú an athbhreithnithe éaga seo ar earraí a ndearnadh imréiteach custaim orthu, déanfar í a aisíoc ar choinníoll go n-iarrtar sin ar na húdaráis náisiúnta custaim agus go ndeonaíonn na húdaráis sin i gcomhréir le reachtaíocht custaim an Aontais is infheidhme maidir le haisíocaíocht agus loghadh dleachtanna. Ní íocfaidh na húdaráis náisiúnta custaim lena mbaineann ús mar thoradh ar aisíocaíocht den sórt sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN